

Tuairisciú maidir leis an mBearna Phá idir na hInscní - Seicliosta

Eagraíocht:	poistphoiblí
--------------------	--------------

DÁTA

Dáta:	20 Meitheamh 2025
Tréimhse thuairiscithe - ó:	28 Meitheamh 2024
Tréimhse thuairiscithe - go dtí:	20 Meitheamh 2025

LÍON NA bhFOSTAITHE ar an dáta thuas – Féach ar Nóta 1

LÍON FOSTAITHE	fostaithe lánaimseartha	fostaithe páirtaimseartha	LÍON IOMLÁN na bhFostaithe	sealadach
Fireann	106	3	109	2
Baineann	178	33	211	1
Eile				
IOMLÁN	284	36	320	3

Scálaí Tomhais maidir leis an mBearna Phá idir na hInscní [Rialacháin 7(l), 8(l), 9(l), 10(l)]

Bearna Inscne maidir le Pá in aghaidh na hUaire – Féach ar Nóta 2

	Meán	%	Airmheán	%
Gach fostaí	R.7(l)(a)	-16.50%	R.8(l)(a)	-12.24%
Fostaithe Lánaimseartha	R.7(l)(b)	11.92%	R.8(l)(b)	-8.14%
Oibrithe Sealadacha	R.7(l)(c)	2.25%	R.8(l)(c)	2.25%

Bearna Inscne maidir le Bónais

	Meán	%	Airmheán	%
Bónas	R.9(l)(c)	N/B	R.9(l)(c)	N/B

	% d'Fhir		% de Mhná	
% a bhfuil Bónas á fháil acu	R.9(l)(c)	N/B	R.9(l)(c)	N/B
% a bhfuil Sochar Comhchineáil á fháil acu	R.9(l)(d)	N/B	R.9(l)(d)	N/B

Ceathairléanna Pá – Féach ar Nóta 3

	% Fireann		% Baineann	
Ceathairl 1	R.10(1)(a)	37.50%	R.10(1)(a)	62.50%
Ceathairl 2	R.10(1)(b)	43.59%	R.10(1)(b)	56.41%
Ceathairl 3	R.10(1)(c)	31.71%	R.10(1)(c)	68.29%
Ceathairl 4	R.10(1)(d)	23.75%	R.10(1)(d)	76.25%

Tuairisc ar Eolas maidir leis an mBearna Phá idir na hInscní [Rialachán 6]

An léiríonn an t-eolas thuas na difríochtaí maidir le tuarastal a bhaineann le hinscne? [Y/N]	Y
An bhfuil ráiteas san áireamh ina leagtar amach, i dtuairim an fhostóra, na cúiseanna taobh thiar de na difríochtaí maidir le tuarastal a bhaineann le hinscne i gcás an fhostóra chuí?	Y
An bhfuil ráiteas san áireamh ina leagtar amach na bearta (má tá siad ann) atá á gcur i bhfeidhm nó a moladh chun fáil réidh leis na difríochtaí seo nó chun iad a laghdú?	Y

Ráiteas maidir leis an mBearna Phá idir na hInscní

Eagraíocht:	poistphoiblí
-------------	--------------

Cúinsí taobh thiar de na difríochtaí maidir le tuarastal a bhaineann le hinscne

Léiríonn ár dTuairisc ar an mBearna Phá idir na hInscní bearna phá i bhfábhar na mban. Léiríonn an toradh seo comhdhéanamh ár lucht saothair, ina bhfuil 320 fostaí—34% fireann agus 66% baineann. In poistphoiblí, tá muid bródúil as ár gcuntas láidir maidir le hionadaíocht na mban ag gach leibhéal san eagraíocht, lena n-áirítear ag leibhéal na ceannaireachta sinsearaí agus i bpoist thábhachtacha chinnteoireachta. Déanann muid iarracht i gcónaí ionchuimsiú agus ionadaíocht níos fearr do gach inscne a chur chun tosaigh inár lucht saothair.

Tá muid dírithe ar a chinntiú go léiríonn an tseirbhís phoiblí éagsúlacht na sochaí ar a bhfreastalaíonn sí. Aithníonn muid an ról atá againn maidir le daoine cumasacha a mhealladh agus oibríonn muid lenár gcliainnt chun deiseanna agus taithí san ionad oibre a chur ar fáil chun daoine den chéad scoth a choinneáil, de réir mar a leagtar amach inár Straitéis 2025-2028: Earcaíocht a Dhéanamh go Diongbháilte: Straitéis maidir le lucht saothair atá réidh don todhchaí a sholáthar don tseirbhís phoiblí.

Bearta (má tá siad ann) atá á gcur i bhfeidhm nó a moladh chun fáil réidh leis na difríochtaí seo nó chun iad a laghdú.

Neartaíonn ár straitéis CÉ&I ár dtiomantas don Chomhionannas, don Éagsúlacht agus don Ionchuimsiú (CÉ&I) trí bhéim láidir a leagan ar ár sonraí i dtaca le monatóireacht chomhionannais a fheabhsú. Dá bharr seo, is féidir linn constaicí ionchasacha a aithint agus a bhaint, agus tacú le próiseas earcaíochta níos ionchuimsithe agus níos cothroime. Ina theannta sin, is féidir linn tuiscint níos doimhne a fháil ar riachtanais éagsúla ár lucht saothair. Tá sé mar aidhm againn éagsúlacht a fhorbairt ag gach leibhéal san eagraíocht agus a chinntiú go mbíonn deiseanna ar fáil do chuide dhuine agus go léiríonn siad na pobail ar a bhfreastalaíonn muid.

Mar eagraíocht, tá muid tiomanta do dhul chun cinn a dhéanamh ar chur i bhfeidhm ár Straitéise CÉ&I, mar aon le tionscnaimh agus tionscadail a chuireann prionsabail CÉ&I i bhfeidhm in poistphoiblí, agus sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí i gcoitinne, a dhearadh agus a chur i bhfeidhm.

Díreoidh an straitéis seo ar thrí phríomhréimse: sonraí agus tuiscint níos fearr, próisis níos fearr, agus tionchar a imirt ar agus treoir a thabhairt dár gcomhpháirtithe agus dár gcliaint i dtaca le hearcaíocht ionchuimsitheach trí dhea-shampla, agus forbróidh muid ar na torthaí a bhain muid amach le trí bliana anuas.

Eolas ábhartha eile

Tá ár Ráiteas Straitéise ar fáil ar ár leathanach gréasáin dar teideal Fúinne. Tá ár Straitéis Chomhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe (CÉ&I) ar fáil ar ár leathanach gréasáin dar teideal Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú.

Tá tuilleadh eolais faoin tuairisciú maidir leis an mBearna Phá idir na hInscní ar fáil ar an leathanach dar teideal An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Rannpháirtíochta agus Óige ar gov.ie.

Foilsiú

Dáta foilsithe na tuairisce:	20/11/2025
Má foilsíodh ar líne í, URL:	Foilseacháin publicjobs.ie
Murar foilsíodh ar líne í, áit ina bhfuil an tuairisc ar fáil:	N/B